Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 39

# An Oifig um Sholáthar Rialtais

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 39, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa a ullmhú don Vóta gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus ar chostas na hOifige um Sholáthar Rialtais.

Cuirtear toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna:

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) a soláthraíodh do sheirbhísí soláthair chaipitiúil in 2020 amach as leithreasaí 2019 nár caitheadh, faoi na socruithe géillte iarchurtha arna mbunú le hAlt 91 den Acht Airgeadais, 2004.

Dlitear farasbarr €2.308 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 6.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

***Dímheas***

Gearrtar dímheas bliana iomláine i mbliain na fála / an choimisiúnaithe agus ní ghearrtar aon dímheas i mbliain na diúscartha. Is de réir méid cothrom a ghearrtar dímheas.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as a chinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le ceanglais an chomhaontaithe bainistithe seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le soláthar seirbhíse comhroinnte (e.g. Acmhainní Daonna).

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú le linn seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

Is mar seo a leanas atá an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta do theipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus do ghníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Is ann do Choiste Iniúchóireachta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach
- athbhreithnithe rialta ag an mbainistíocht shinsearach ar thuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- córas bainistithe riosca laistigh den Oifig
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail foirmeálta.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig, le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na hOifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Dearbhaím go gcinntíonn an oifig go mbíonn fócas iomchuí ar an dea-chleachtas ó thaobh an cheannaigh de agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir.

Chomhlíon an Oifig na treoirlínte ar fad ach amháin i gcás conradh amháin (dar luach níos mó ná €25,000) agus tá na sonraí leagtha amach thíos:

- €103,609 a bhaineann le hárachas bogearraí agus tacaíocht táirge a cheannach chun leanúnachas tacaíochta a chinntiú do chóras TFC um Bainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí. Pléifear leis an tsaincheist in aon cheanglais amach anseo.

Chuir an Oifig sonraí maidir le dhá chonradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil a bhaineann le Ciorclán 40/2002 ar fáil don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig a shainaithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun haghaidh a thabhairt or na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí roimh an Oifig agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déanann an bord bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár go ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh lena chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Tá sonraí sa chlár rioscaí ar na rialuithe agus na gníomhartha a bheidh ag teastáil chun rioscaí a mhaolú agus ar na freagrachtaí i leith fheidhmiú na rialuithe atá sannta do bhaill foirne ar leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl go tráthúil dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don bhord bainistíochta, nuair is ábhartha. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara sainaitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar na príomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta do bhainistiú agus rialú riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Oifig atá freagracht as forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Paindéim Covid-19***

Rinneadh measúnuithe ar thionchar Covid-19 agus seo thíos na torthaí:

- Trí chur chuige réamhghníomhach a ghlacadh, bhíothas in ann tionchair Covid-19 a mhaolú
    - Sna sála ar chleachtadh Pleanála Leanúnachais Gnó a rinneadh i Ráithe 4 de 2019, cuireadh ar chumas thart ar 50% den fhoireann tabhairt faoin oibriú cianda láithreach. Éascaíodh an rochtain don chuid eile den fhoireann trí bhogearraí ciandeisce, rud a d'fhág gur cuireadh ar chumas fhoireann iomlán na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR) oibriú go cianda go pras éifeachtach gan aon bhearnaí sa tseirbhís. Tar éis cinneadh a rinne lucht Bainistíochta Sinsearaí, bhí gach ball foirne san Oifig ag obair ar ríomhaire glúine faoi Ráithe 3.
    - Éascaíodh rochtain ar gach feidhmchlár riachtanach TFC trí naisc shlána leis an ngréasán, rud a d'fhág go rabhthas in ann leanúint de na nósanna imeachta rialaithe mar ba ghnách.
    - Trí ardán ríomhshínithe a sholáthar, bhíothas in ann Creat-Chomhaontuithe, conarthaí agus cáipéisí éagsúla eile soláthair a shíniú go cianda.
    - Cuireadh grúpa um "Filleadh ar an Láthair Oibre" ar bun agus cuireadh bearta Sláinte agus Sábháilteachta i bhfeidhm i ngach láthair oifige.
    - Chun tacú leis an bhfolláine, tugadh isteach roinnt uirlisí agus seimineár gréasáin mar aon le háiseanna seachtainiúla a chomhroinnt chun cuidiú leis an bhfoireann a scíth a ligean. Cuireadh tús le tacaí forbartha ceannaireachta le chur ar chumas ball foirne a gcuid inniúlachtaí ceannaireachta a fhorbairt.

  - Eisíonn an Príomhfheidhmeannach/an Bhainistíocht Shinsearach teachtaireachtaí rialta chun an fhoireann a choinneáil ar an eolas faoi nuashonruithe eagraíochtúla.
- Ó thaobh na hoibríochta de, thacaigh OSR leis an tseirbhís phoiblí i gcoitinne:
  - Foilsíodh treoir i dtaca le soláthar poiblí agus Covid-19.
  - Treoir chun an Plean Forbartha Náisiúnta a chosaint i dtaca le bainistiú a dhéanamh ar dhúnadh agus atosú conarthaí oibreacha poiblí.
  - Feidhmiú leantach dheasc chabhrach OSR.
  - Leanadh d'fhoinsiú an chláir oibre.
  - Cuireadh teachtaireacht 'oscailte le haghaidh gnó' in iúl do pháirtithe leasmhara.
  - Tacaíocht dhíreach d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus í ag bunú saoráidí éigeandála.
  - Cuidiú le comhlachtaí Seirbhíse Poiblí soláthairtí riachtanacha a chinntiú.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú airgeadais inmheánach i dtaca le 2020 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**David Moloney**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig um Sholáthar Rialtais

30 Márta 2021

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

# Vóta 39 An Oifig um Sholáthar Rialtais

## Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 39 An Oifig um Sholáthar Rialtais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 39 An Oifig um Sholáthar Rialtais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'fhorordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Táim neamhspleách ar an Oifig um Sholáthar Rialtais agus tá na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

## Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus McCarthy**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Lúnasa 2021

# Vóta 39 An Oifig um Sholáthar Rialtais

## Cuntas Leithreasa 2020

| | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A Soláthar lárnach a chur ar fáil | | | | |
| *Bunaidh* | 18,710 | | | |
| *Géilleadh iarchurtha* | 59 | | | |
| | | 18,769 | 16,497 | 16,164 |
| **Ollchaiteachas** | | **18,769** | **16,497** | **16,164** |
| *Lúide* | | | | |
| B **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **358** | **453** | **492** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Bunaidh* | 18,352 | | | |
| *Géilleadh iarchurtha* | 59 | | | |
| | | **18,411** | **16,044** | **15,672** |

**Farasbarr**

Tá an farasbarr ar an tsuim a cuireadh ar fáil os cionn na glansuime a caitheadh le géilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar an tsuim ar fad nó cuid d'aon leithreasaí gan chaitheamh do sheirbhísí soláthair chaipitiúil a thabhairt anonn lena gcaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh €59,000 de leithdháiltí gan chaitheamh maidir le heilimintí caipitil ó fho-mhírcheann A.2 ar aghaidh go 2021.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr | 2,367,301 | 2,454,792 |
| Géilleadh iarchurtha | (59,000) | (59,000) |
| **Farasbarr le géilleadh** | **2,308,301** | **2,395,792** |

**David Moloney**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig um Sholáthar Rialtais

30 Márta 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 1,980 | 1,863 |
| Pá | | 13,177 | 12,645 |
| Neamhphá | | 1,340 | 1,656 |
| **Ollchaiteachas** | | **16,497** | **16,164** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **453** | **492** |
| **Glanchaiteachas** | | **16,044** | **15,672** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (111) | | |
| Dímheas | 111 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 197 | 197 | 142 |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 112 | | |
| Méadú ar stoc | (1) | 111 | (100) |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **16,352** | **15,714** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 1,841 | 1,507 |
| Measchíosanna | | 50 | 50 |
| **Glanchostas an chláir** | | **18,243** | **17,271** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara déanta suas de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 39 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 7 | Airgeadas | 75 | 59 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 573 | 266 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 925 | 941 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 23 | 21 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 245 | 220 |
| | | **1,841** | **1,507** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020 €000 | 2019 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 277 | 474 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 555 | 728 |
| Stoic | 2.2 | 7 | 6 |
| Réamhíocaíochtaí | | 470 | 556 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.3 | 44 | 113 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **1,076** | **1,403** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 126 | 100 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.4 | 483 | 472 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.5 | 116 | 369 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **725** | **941** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 351 | 462 |
| **Glansócmhainní** | | **628** | **936** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.6 | **628** | **936** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh TFC | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020 | 1,719 | 152 | 6 | 1,877 |
| Breiseanna | 111 | — | — | 111 |
| Diúscairtí | (987) | — | — | (987) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020 | 843 | 152 | 6 | 1,001 |
| | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020 | 1,321 | 76 | 6 | 1,403 |
| Dímheas don bhliain | 96 | 15 | — | 111 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (790) | — | — | (790) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020 | 627 | 91 | 6 | 724 |
| | | | | |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020** | **216** | **61** | **—** | **277** |
| | | | | |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019 | 398 | 76 | — | 474 |

## 2.2 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 5 | 5 |
| Tomhaltáin TF | 2 | 1 |
| | **7** | **6** |

## 2.3 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe ar scéim na bpasanna taistil | 27 | 99 |
| Réamhíocaíochtaí le OOP | 3 | — |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 14 | 14 |
| | **44** | **113** |

## 2.4 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 175 | 155 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 130 | 119 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 28 | 39 |
| Cáin bhreisluacha | 33 | 30 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 44 | 42 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 1 | 1 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 34 | 32 |
| | 445 | 418 |
| | | |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 37 | 39 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 1 | 15 |
| | **483** | **472** |

## 2.5 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| | | |
| Farasbarr le géilleadh | 2,308 | 2,396 |
| Géilleadh iarchurtha | 59 | 59 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (2,251) | (2,086) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **116** | **369** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 555 | 728 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 44 | 113 |
| | 599 | 841 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (445) | (418) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (38) | (54) |
| | (483) | (472) |
| | | |
| | **116** | **369** |

## 2.6 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 936 | 990 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 18,411 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (59) | | |
| Barrachas | Cuntas | (2,308) | | |
| Glanvóta | | | 16,044 | 15,672 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 1,841 | 1,507 |
| Earraí neamhairgid – coigeartuithe maidir le sócmhainní caipitil | | | — | (12) |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | 1 | | 50 | 50 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (18,243) | (17,271) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **628** | **936** |

## 2.7 Ceangaltais

| **Ceangaltais dhomhanda** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| ag an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | **157** | **488** |

## 2.8 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Meastachán ar na dliteanais aibithe nár glanadh roimh dheireadh na bliana | **—** | **3** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an leithdháileadh ar fad ar Vóta 39 An Oifig um Sholáthar Rialtais aicmithe mar chaiteachas riaracháin a úsáidtear le haghaidh clár amháin: Seirbhís lárnach soláthair Rialtais a chur ar fáil.

| | | | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | 14,914 | 13,177 | 12,645 |
| ii | Taisteal agus cothú | | | 150 | 60 | 204 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | | 765 | 654 | 751 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | 107 | 81 | 85 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 395 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 6 | | | |
| | | | | 401 | 408 | 421 |
| vi | Costas áitribh oifige | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 127 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 53 | | | |
| | | | | 180 | 137 | 195 |
| | | | | **16,517** | **14,517** | **14,301** |

### Clár A Seirbhísí Lárnacha Soláthair a Chur ar Fáil

| | | | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | | | 14,914 | 13,177 | 12,645 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,544 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 59 | | | |
| | | | | 1,603 | 1,340 | 1,656 |
| A.3 | Costais chomhairleoireachta soláthair agus costais eile | | | 2,252 | 1,980 | 1,863 |
| | | | | **18,769** | **16,497** | **16,164** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas cuntas ar dhifríochtaí suntasacha i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €2.272 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhain €2 mhilliún den fhigiúr seo le caiteachas riaracháin agus bhain an méid eile, €272,000, go príomha leis na nithe seo a leanas:

**A.3 Costais chomhairleachta soláthair agus costais eile**

*Soláthar meastacháin: €2.252 milliún, toradh €1.98 milliún*

Tá an gannchaiteachas seo go príomha mar gheall ar amanna tosaithe a bheith níos faide ná mar a bhíothas ag súil leis ar roinnt príomhthionscadal.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | 308 | 330 | 399 |
| 2 | Ilghnéitheach | 50 | 123 | 92 |
| | **Iomlán** | **358** | **453** | **491** |

### 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | — |
| Bailithe | 121 | 544 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (121) | (544) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **—** | **—** |

## Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | **231** | **226** |

### 5.2 Pá

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 11,993 | 11,559 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 33 | 31 |
| Liúntais eile | 3 | 1 |
| Ragobair | 4 | 4 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,144 | 1,050 |
| **Pá iomlán** | **13,177** | **12,645** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2020 | 2019 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgas speisialta nó dualgais bhreise | 6 | 1 | 13,945 | 11,560 |
| Liúntais eile | 1 | — | 2,580 | 964 |
| Ragobair | 3 | — | 1,821 | 2,538 |

### 5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

| | Líon na bhfaighteoirí | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ró-íocaíochtaí | 10 | 12,928 | 24,330 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 5 | 7,027 | 18,303 |

Aistríodh pleananna aisghabhála ró-íocaíochtaí dar luach €1,067 i dtaca le triúr ar leith chuig Ranna eile in 2020.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Costais chúitimh agus dlí

| Líon cásanna | Costais dlí a d'íoc an Oifig | Costais dlí a dámhadh | Cúiteamh a dámhadh | 2020 Iomlán | 2019 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | — | 360 | — | 360 | — |

Rinne tairgeoir nár éirigh leis agóid in aghaidh chomórtas soláthair OSR chun seirbhísí ateangaireachta a sholáthar.

Rinneadh an cás a chosaint go rathúil san Ard-Chúirt ach rinne an Chúirt Achomhairc ordú ina dhiaidh sin ag cur an cinneadh leis an gconradh a dhámhachtain i leataobh. Rinneadh achomharc air seo chun na Cúirte Uachtaraí, a sheas, i mBealtaine 2019, leis an gcinneadh an conradh a chur ar leataobh.

Tá sé dearbhaithe go bhfuil suim de €359,545 le híoc ag an Oifig um Sholáthar Rialtais i dtaca leis na bearta seo.

Tá athbhreithniú breithiúnach ar leith ar siúl a bhaineann leis an iarratasóir céanna i gcoinne dámhachtain conarthaí eile faoi chreat-chomhaontú.